



An Bhruiséil, 23 Samhain 2017
(OR. en)

14624/17

SOC 740
GENDER 38
ANTIDISCRIM 56
EMPL 561
EDUC 423

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13911/1/17 REV 1
Ábhar:	Bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht - Conclúidí ón gComhairle

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí ón gComhairle, atá i gceangal leis seo, maidir le "Bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht."
2. Tá na Conclúidí bunaithe ar thuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) maidir leis "An leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair."¹
3. Is faoi chuimsiú na hoibre leantaí ar Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising atá an cleachtadh seo á dhéanamh, clár oibre a ghlac Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan i 1995.

¹ Féach 14624/17 ADD 2. Tá achoimre feidhmiúcháin le fáil in 14624/17 ADD 1.

4. Tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta ar chomhaontú maidir le téacs na gConclúidí atá i gceangal leis seo.
5. Iarrtar ar an gCoiste:
- na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO chun go nglacfar iad; agus
 - an achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ó EIGE, mar a leagtar amach in Aguisín 1 é a ghabhann leis an doiciméad seo, a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO mar eolas di.
-

**Bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú
san oideachas agus san fhostaíocht
Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle²**

AGUS AIRD Á DÍRIÚ AR AN MÉID A LEANAS:

1. Gur prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh, agus gur prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir fir agus mná agus go bhfuil an prionsabal sin ar cheann de chuspóirí agus de thascanna an Aontais, agus gur misean sonrach de chuid an Aontais é prionsabal an chomhionannais idir fir agus mná a phríomhshruthú ina chuid gníomhaíochtaí go léir.

AG MEABHRÚ DI:

2. Dearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017, inar gheall ceannairí seacht gcinn is fiche de na Ballstáit, ceannaire na Comhairle Eorpaí, ceannaire Pharlaimint na hEorpa, agus ceannaire an Choimisiúin Eorpaigh, go ngníomhóidís chun Eoraip shóisialta a chruthú: Aontas a chuirfidh chun cinn, i measc nithe eile, comhionannas do mhná agus fir chomh maith le cearta agus comhdheiseanna do chách.
3. An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina leagtar amach clár oibre le haghaidh geilleagair ag a mbeidh feidhmíocht níos fearr agus sochaithe atá níos cothroime agus níos athléimní, cumhdaítear an comhionannas inscne i measc an fiche príomhphrionsabal agus ceart atá riachtanach le haghaidh dhea-fheidhmiú na margaí saothair agus na gcóras leasa agus cuirtear i dtreis inti go gcaithfear cóir chomhionann agus comhdheiseanna do mhná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse.
4. Straitéis Eoraip 2020, lena gcothaítear fás cliste inbhuanaithe cuimsitheach, agus lena leagtar síos spriocanna ceannlíne gaolmhara, lena n-áirítear an ráta fostaíochta a ardú go 75% i measc na mban agus na bhfear.

² Conclúidí arna nglacadh faoi chuimsiú chreat an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do phríomhréimsí imní "B: Oideachas agus Oiliúint na mBan," "L: An Cailín Óg," "K: Mná agus an Timpeallacht" agus "F: Mná agus an Geilleagar."

5. Rannpháirtíocht straitéiseach an Choimisiúin don chomhionannas inscne do 2016-2019, lena sainaitheann roinnt príomhréimsí le haghaidh gníomhaíochta, lena n-áirítear neamhspleáchas eacnamaíoch comhionann do na mná agus do na fir mar aon le pá comhionann as obair ar luach comhionann, agus lena dtugtar faoi deara gur dóichí ná a mhalairt go mbíonn céim ardoideachais ag an mná ach go bhfuil barraíocht ionadaíochta acu i réimsí staidéir a bhaineann leis na róil a bhíonn ag na mná go traidisiúnta, amhail réimsí a bhaineann le cúram, agus go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht san eolaíocht, sa mhatamaitic, i TF, san innealtóireacht agus i ngairmeacha gaolmhara a bhaineann leo siúd."
6. Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip, darb aidhm a áirithiú go mbeidh na scileanna cearta ag daoine ar feadh a saoil oibre, ní amháin chun a ndeiseanna dul isteach, fanacht agus dul chun cinn a dhéanamh i margadh an tsaothair a fheabhsú ach chun go mbeidh siad in ann lán a n-acmhainneachta a bhaint amach mar shaoránaigh mhuiníneacha ghníomhacha freisin.
7. An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní (2017-2019) .
8. Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising de chuid na Náisiún Aontaithe agus an dá phríomhábhar déag is údar inní a sainaitheann ann.
9. Clár Oibre 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe, ina leagtar amach sraith de 17 sprioc uilíoch comhtháite claochlaitheach, a ndéanfar iad uile a phríomhshruthú ó thaobh inscne, agus ina n-áirítear sprioc ar leith maidir le comhionannas inscne.³

IS DÍOL SÁSAIMH DI:

10. An tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais dar teideal *Gender segregation in education, training and the labour market* [Leithscaradh inscne san oiliúint agus i margadh an tsaothair]⁴ a d'ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na hEastóine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ina gcuirtear anailís ar fáil ar leithscaradh inscne san oideachas treasach agus sa ghairmoideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair, lena n-áirítear na naisc idir an leithscaradh inscne agus an bhearna phá idir na hinscní.

³ Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5: Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú.

⁴ 14624/17 ADD 2. Tá achoimre feidhmiúcháin le fáil in 14624/17 ADD 1.

AG TABHAIRT AR AIRD AN MÉID SEO A LEANAS:

11. Is é atá i gceist le coincheap an leithscartha inscne, go mbíonn inscne amháin níos líonmhaire i réimsí áirithe an oideachais nó slite beatha (leithscaradh cothrománach), nó i ngráid éagsúla, ar leibhéal éagsúla freagrachta nó i bpoist éagsúla (leithscaradh ingearach). Sna Conclúidí seo ón gComhairle, díritear ar an leithscaradh cothrománach.
12. Go gcuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile sa réimse seo, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis seo.

AG ÁITIÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS:

13. Cuireann an leithscaradh inscne cothrománach srian i gcónaí leis na roghanna beatha, leis na deiseanna oideachais, agus leis na roghanna fostaíochta a bhíonn ag mná agus ag fir. Is as sin a éiríonn éagothroime i dtaobh pá, i dtaobh pinsean, i dtaobh dálaí oibre agus i dtaobh na timpeallachta oibre, agus is leis a threisiítear steiréitíopaí inscne agus a chuirtear teorainn le rochtain ar phoist áirithe, agus is leis freisin a chothaítear caidreamh cumhachta éagothrom idir mná agus fir sa saol poiblí agus sa saol príobháideach. Ina theannta sin, tá an leithscaradh inscne ar cheann de na cúiseanna atá le mí-oiriúint scileanna, le cur amú caipitil dhaonna, acmhainní agus infheistíochta, le cur as riocht éifeachtacht na n-uirlisí beartais agus le bacainní ar iarrachtaí chun teacht isteach ar athruithe i margadh an tsaothair, ionas gur mar sin a chuirtear cosc ar fhíorú iomlán acmhainneacht nuálaíochta agus eacnamaíoch an Aontais.
14. Dá gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí an leithscaradh inscne cothrománach a dhíothú trí aghaidh a thabhairt ar na bearnaí idir na hinscní san oideachas agus san fhostaíocht, d'fhéadfaí deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine aonair, don gheilleagar agus don tsochaí. Dar le EIGE, dá ndruidfí an bhearna idir na hinscní san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhataimic (na hábhair STEM), chuirfí idir 2.2% agus 3.0% le OTI per capita an Aontais agus chuirfí idir 850 000 agus 1 200 000 le líon na bpost san Aontas faoin mbliain 2050. Mar shampla, in earnáil TFC, a bhfuil fás as cuimse ann, agus ina bhfuil bearna mhór idir na hinscní, thiocfadh méadú thart ar EUR 9 mbilliún in aghaidh na bliana ar OTI an Aontais ach rannpháirtíocht chothrom ban a bheith ann.

15. Le roghanna luatha a bhaineann le slite beatha, fágтар go dtarlaíonn leithscaradh suntasach inscne sna conairí gairme. Léiríonn an méid sin gur deacra do dhéagóir slí bheatha neamhthipiciúil a roghnú.
16. Ar fud an Aontais, bíodh is gur fearr a théann an t-oideachas do na mná ná do na fir, is mó mná a bhíonn ag obair in a lán earnálacha agus i bpoist lena mbaineann stádas íseal socheacnamaíoch ar phá íseal. Bíonn gannionadaíocht ban i bpoist chinnteoireachta ar gach leibhéal, fiú in earnálacha agus i ngairmeacha beatha ar líonmhaire ar fad na mná ná na fir iontu.
17. Is mó a bhíonn na buachaillí i mbaol luathfhágáil na scoile ná na cailíní. Is minic tionchar diúltach a bheith ag luathfhágáil na scoile ar na deiseanna i margadh an tsaothair sa todhchaí, go háirithe toisc gur mó an baol atá ann nach mbeidh poist ar bheagán oiliúna ann amach anseo mar thoradh ar an uathobriú. Agus an leithscaradh inscne go forleathan i ngairmeacha a bhaineann le hobair neamhoilte lena n-éilítear cáilíochtaí níos ísle, d'fhéadfaí bac a chur ar iarrachtaí chun teacht ar fhostaíocht mhalartach.
18. Ar na dúshláin atá roimh shocháí theicneolaíocht-bhunaithe a bhfuil an daonra ag dul in aois ann, tá éileamh méadaitheach ar shaothar, agus ganntanais in earnáil STEM agus in earnáil EHW (oideachas, sláinte agus leas) araon ach, mar sin féin, tá an leithscaradh inscne ard go fóill sna réimsí céanna sin, agus san oideachas agus san oiliúint agus i margadh an tsaothair chomh maith céanna.
19. Tháinig leithscaradh chun cinn agus tá sé forleathan buan san oideachas agus san oiliúint agus i margadh an tsaothair mar thoradh ar raon fachtóirí ar an leibhéal struchtúrach, ar an leibhéal eagraíochtúil agus ar leibhéal an duine aonair. Bíonn drochthionchar ar gach leibhéal ag steiréitíopaí inscne agus ag neamh-inghlacthacht shóisialta an iompair neamhchomhréirigh inscne.
20. Bíonn tionchar ag éagsúlachtaí in eagrú na hoibre in earnálacha ina mbíonn an leithscaradh inscne, lena n-áirítear éagsúlachtaí a bhaineann leis na huaireanta oibre, ar na roghanna oideachais agus gairme agus ar chinntí ban agus fear. D'fhéadfadh sé, leis an timpeallacht oibre, go ndéanfaí difear do roghanna freisin agus, mar shampla, ciapadh san ionad oibre agus gnéasachas a bheith mar dhíspreagadh do na mná go háirithe maidir lena bheith rannpháirteach in earnálacha áirithe.

21. Faoi láthair, tá rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair níos ísle ná rannpháirtíocht an bhfear ar fud an Aontais, agus an bhearna fostaíochta idir na hinscní comhionann le 11.6 pointe céatadáin agus níos mó ná 18 bpointe céatadáin i dtéarmaí coibhéise lánaimseartha. Is mór an tionchar a bhíonn ag an éagothroime idir fir agus mná i leith chomhroinnt na bhfreagrachtaí tí agus cúraim ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus ar a roghanna agus a ndeiseanna gairme. Is féidir na fadhbanna sin a laghdú trí bheartais dea-cheaptha, leordhóthanacha maidir leis an gcothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear trí sheirbhísí cúraim foirmiúla ardcháilíochta, inrochtana agus inacmhainne a chur ar fáil do leanaí agus do chleithiúnaithe eile, trí shocruithe solúbtha oibre agus trí dhreasachtaí chun go nglacfaidh na fir níos mó freagrachtaí baile agus cúraim orthu féin.
22. Is léiriú iad an bhearna phá idir na hinscní (16.3% san Aontas faoi láthair) agus an bhearna phinsin a bhíonn ann dá réir (37.6% faoi láthair) ar na héagsúlachtaí atá idir rannpháirtíocht na bhfear agus na mban i margadh an tsaothair, lena n-áirítear leithscaradh cothrománach. An caillteanas ioncaim a eascraíonn as sin, bíonn sé ag carnadh thar an saolré agus bíonn bearna inscne ann sa tuilleamh foriomlán dá bharr sin.
23. D'fhéadfadh scileanna, a mheastar a bheith ag na mná go nádúrtha, a bheith dofheicthe, agus ní mheastar go bhfuil siad róthábhachtach dá bharr. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil an obair a dhéanann mná den chuid is mó i réimsí amhail cúram agus oideachas, gur obair cheart atá inti, go dteastaíonn scileanna chun í a dhéanamh, ar scileanna iad a fhéadfar a fháil tríd an oideachas foirmiúil agus go bhfuil luach eacnamaíoch ag gabháil leis an obair sin. I ngairmeacha arb iad na mná is mó a bhíonn mar fhostaithe iontu go traidisiúnta, bíonn gearríocaíocht i gceist agus é sin mar léiriú nach dtugtar an t-aitheantas ceart do na gairmeacha sin, agus is foirm neamhionannais é sin lena laghdaítear spreagadh na bhfear tabhairt faoi na gairmeacha sin agus fanacht iontu.
24. In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta, ní leor go fóill an dul chun cinn atá déanta ar na gealltanais a tugadh i gcomhthéacs Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus tá gá go fóill le táscairí soiléire a dhearadh a dhírítear go sonrach ar shaincheist an leithscartha inscne.
25. Sa tuarascáil uaidh maidir leis "An Leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair", mhol EIGE tacar nua táscairí a dhearadh chun faireachán a dhéanamh ar leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair, a bheadh bunaithe ar na táscairí atá ann cheana agus lena n-áireofaí dhá táscaire nua a dhíreofaí ar líon na gcailíní le hais na mbuachaillí arbh áil leo dul le gairmeacha a bhaineann leis an eolaíocht, agus líon na mban le hais na bhfear atá fostaithe sna réimsí STEM agus EHW.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra chun na táscairí a athstruchtúrú le haghaidh an athbheithnithe ar chur chun feidhme Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising maidir le leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo, lena n-áirítear dhá tháscaire nua a bhunú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, **AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. Beartais chuimsitheacha chomhtháite inbhuanaithe ilghnéitheach a bheidh íogair ó thaobh inscne a dhearadh agus a chur chun feidhme d'fhonn dul i ngleic leis an leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair, lena gcuimseofar bearta spriocdhírthe uilíocha agus lena dtabharfar aghaidh ar réimse iomlán na bhfachtóirí ábhartha chun athrú struchtúrach a chur i gcrích agus chun gur lú na héagsúlachtaí a bheidh ann i bpatrúin shaolré na bhfear agus na mban. Leis an tsraith sin de bheartais, ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an ngá atá le hidirdhealú inscne, leis an leithscaradh inscne agus leis na steiréitíopaí inscne a chomhrac agus an comhionannas inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal den oideachas agus den oiliúint agus sa ghairmthreoir tríd an saolré ar fad. Ina theannta sin, ba cheart, leis an tsraith bheartais, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an timpeallacht oibre, lena n-áirítear gnéithe na fuathchainte inscnebhunaithe agus an chiaptha ghnéasaigh, socrúithe oibre, cothromaíocht oibre is saoil, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus an bhearna phá idir na hinscní chun mná agus fir a mhealladh chuig gairmeacha agus earnálacha atá neamhthipiciúil ó thaobh inscne de agus iad a choinneáil iontu.
28. Chun go laghdófar an leithscaradh inscne cothrománach agus chun cailíní, buachaillí, mná agus fir a chumasú agus a spreagadh, beag beann ar a gcúlra, le dul le réimsí oideachais agus slíthe beatha a thagann lena suimeanna agus a scileanna, lena n-áirítear réimsí atá neamhthipiciúil ó thaobh inscne, agus deiseanna fostaíochta a thapú i ngach earnáil ar bhonn comhionann, bearta ábhartha amhail na bearta seo a leanas a dhéanamh:
- a. feasacht a mhúscailt i measc daltaí, mac léinn, tuismitheoirí, múinteoirí, comhairleoirí agus daoine eile a bhfuil baint acu leis an oideachas ar gach leibhéal, gairmthreoir, earcaíocht agus beartais ghníomhacha ó thaobh mhargadh an tsaothair, ag díriú go háirithe ar an neamh-chomhionannas inscne, ar na bunchúiseanna atá leis agus ar na gnéithe éagsúla de, lena n-áirítear an leithscaradh, ar na hidirnáise idir inscne agus gnéithe eile céannachta, agus ar bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh sa réimse seo;

- b. dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus le dochar eile inscne san inneachar agus sna modhanna teagaisc chomh maith le huirlisí oideachasúla agus uirlisí eile a chur ar fáil chun steiréitíopaí inscne a chomhrac agus chun comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ar leibhéil uile an oideachais;
- c. cur le tarraingteacht réimsí STEM agus EHW le haghaidh scoláirí den dá inscne, lena n-áirítear trí theagasc STEM a nascadh leis na dúshláin eacnamaíocha, timpeallachta sóisialta, nó le healaín agus dearadh, agus trí theagasc EHW a nascadh leis na réimsí inar líonmhaire na fir ná na mná, amhail STEM, ach cuimhneamh ar an digitiú agus ar na hathruithe atá ag teacht ar an saol oibre;
- d. idir chailíní agus bhuachaillí, mar aon le mná agus fir, a chur ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo in earnálacha STEM agus EHW;
- e. naisc níos dlúithe a fhorbairt idir scoileanna agus ionaid oibre le go mbeidh sé ar chumas na gcailíní agus na mbuachaillí roghanna gairme atá níos feasaí a dhéanamh. Fostóirí agus geallsealbhóirí eile a ghríosú le ról níos mó a imirt fad a bhaineann le tuairimí diúltacha agus míthreoracha faoi ghairmeacha STEM nó EHW a ghleic, go háirithe trí fhaisnéis chruinn faoi na réimsí sin a chur ar fáil, trí eiseamláirí dearfacha, idir fhir agus mhná, a chur chun cinn agus trí dheiseanna a thabhairt do mhic léinn taithí oibre a fháil;
- f. TFC, agus scileanna a bhaineann le cúram, a léiriú do na cailíní agus do na buachaillí araon ó aois luath agus béim ar leith á leagan ar níos mó cailíní a spreagadh suim agus tallann a fhorbairt agus a chothabháil sa réimse digiteach agus níos mó buachaillí a spreagadh chun déanamh amhlaidh i réimsí a bhaineann le cúram;
- g. céimeanna a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na luathfhágála scoile, lena ndéantar difear do bhuachaillí agus d'fhir araon go háirithe; agus

- h. dreasachtaí ar leith agus struchtúir thacaíochta a chruthú nó a mhaoiniú chun níos mó ban a spreagadh le dul isteach i réimsí STEM agus fanacht iontu, agus chun níos mór fear a spreagadh le dul isteach i réimsí EHW agus fanacht iontu, lena n-áirítear dreasachtaí agus struchtúir lena dtugtar cabhair d'fhostóirí aghaidh a thabhairt ar fhadhb na claontachta neamh-chomhfhiosáí a mhéid a bhaineann le hearcú agus le dul chun cinn gairme, timpeallacht a bheidh níos íogaire ó thaobh na hinscne de agus níos soicheallaí a chothú san ionad oibre, na féidearthachtaí atá ann maidir le conair ghairme a chur os comhair an phobail agus cláir mheantóireachta a chur ar fáil;
 - i. an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chun a áirithiú go mbeidh an deis ag fir agus ag mná de gach aois conairí gairme a athrú.
29. Bearta a ghlacadh lena ndíreofaí ar na cúiseanna sin atá leis an mbearna phá idir na hinscní agus leis an mbearna phinsin idir na hinscní, agus a bhaineann leis an leithscaradh inscne, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. an trédhearcacht phá a mhéadú;
 - b. uirlisí um meastóireacht ar phoist a fhorbairt agus a chur ar fáil chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh, ar bhealach oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach, faoi céard atá i gceist le hobair ar comhionann a luach agus feasacht a mhúscailt i measc na bhfostóirí agus na bhfostaithe faoi choincheap na hoibre ar comhionann a luach;
 - c. dlús a chur leis na hiarrachtaí luach comhionann a thabhairt do scileanna na mban agus na bhfear, lena n-áirítear trí thacú le haitheantas níos fearr a thabhairt do na scileanna uile, lena n-áirítear na scileanna sin a shamhlaítear leis na mná de ghnáth, agus d'fheidhmíocht na mban san ionad oibre agus dá rannchuidiú leis an ngeilleagar;
 - d. athmheastóireacht a dhéanamh ar obair chúitithe a bhaineann le cúram, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir phá agus ar luach saothair sna poist agus sna gairmeacha go léir ar fearann na mban iad, d'fhonn steiréitíopaí inscne atá nasctha leis an mbearna phá a chloí, mar aon leis an bpá in earnálacha EHW a fheabhsú; agus
 - e. reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú chun cearta na mban agus na bhfear a ráthú chun an pá comhionann a fháil as an obair ar comhionann a luach.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus urraim á tabhairt do ról agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

30. Dlús a chur leis na hiarrachtaí gné na hinscne a phríomhshruthú i mbeartais agus i mbearta do scileanna agus do mhargadh an tsaothair, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear cistiú, ag díriú go háirithe ar thionscnaimh a bhaineann leis na scileanna atá ag daoine cheana a fheabhsú agus le scileanna nua a fháil, agus a bhaineann leis an digitiú, an eolaíocht, an taighde agus an fhorbairt, d'fhonn na scileanna agus na cáilíochtaí a thabhairt do mhná agus d'fhir araon a oireann do struchtúr agus d'éilimh mhargadh an tsaothair mar atá agus a oirfidh do mhargadh an tsaothair sna blianta amach romhainn, agus ar gá iad chun teacht ar phoist ardcháilíochta.
31. Bearta a ghlacadh chun an dídheighilt a bhrú chun cinn go córasach agus beartais á gceapadh agus á gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ar beartais iad chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe eacnamaíoch, chun tacú le poist nua a chruthú agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa lucht saothair agus ar éifeachtaí an uathobrithe, d'fhonn a áirithiú go mbainfidh na mná agus na fir an tairbhe chéanna as na deiseanna fostaíochta uile atá ann.
32. Faireachán a dhéanamh ar bheartais mhargadh an tsaothair agus ar bheartais oideachais agus súil a choimeád ar ghné na hinscne fad atáthar á gcur chun feidhme, agus céimeanna a thabhairt chun a áirithiú nach mbeidh méaduithe a thiocfadh ar ráta fostaíochta na mban ina chúis le leithscaradh cothrománach níos mó nó le méadú ar an mbearna phá idir na hinscní.
33. Dlús a chur leis na hiarrachtaí maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil le haghaidh beartais nua agus chun treisiú le beartais atá ann cheana maidir leis an leithscaradh cothrománach inscne agus na cúiseanna agus na héifeachtaí a bhíonn leis sin a laghdú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus cur chuige straitéiseach fadtéarmach a theacht i réim agus leas á bhaint, ar bhealach éifeachtúil, as acmhainní agus as cláir de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus Erasmus+.
34. A áirithiú go mbeidh bearta chun an leithscaradh gairme a mhaolú i mbeartais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, lena n-áirítear córais agus cláir phrintíseachta, agus a áirithiú go mbainfear leas as cistí agus tionscnaimh náisiúnta oideachais chun tacú le mná agus le fir óga agus iad ag dul isteach i ngairmeacha, nó ag aistriú chuig gairmeacha, inar ró-iomadúil an gnéas eile.

35. Bearta a ghlacadh chun an bhearna idir na hinscní laistigh d'earnáil TFC a laghdú, i gcomhthéacs na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach. Fostóirí a spreagadh, agus go háirithe cuideachtaí a bhfuil baint acu leis an gComhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post, le béim ar leith a leagan ar chomhdheiseanna fostaíochta do mhná agus d'fhir, agus ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn ina n-eagraíocht féin.
36. Saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh do mhná agus d'fhir trí bhearta dea-cheaptha maidir leis an gcothromaíocht oibre is saoil a thabhairt isteach, agus a áirithiú go mbeidh an teacht is forleithne is féidir ar na bearta sin i ngach earnáil agus gairm bheatha, lena n-áirítear i gcás tuismitheoirí agus cúramóirí atá ag dul i gceann cineálacha nua oibre, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun tacú le comhroinnt chothrom freagrachtaí tí agus freagrachtaí cúraim idir mná agus fir, go háirithe trí dhreasachtaí lena spreagfaí fir le dul ar shaoire a bhaineann leis an teaghlach;
 - b. dlús a chur leis na hiarrachtaí seirbhísí cúraim atá ar ardcháilíocht, inacmhainne agus inrochtana a chur ar fáil do leanaí nó do chleithiúnaithe eile;
 - c. tacú le fostóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon bearta a chur ar fáil chun an bealach a réiteach le saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, lena n-áirítear trí bhíthin dreasachtaí chun socruithe solúbtha oibre agus bearta atá fabhrach do theaghlaigh a chur chun feidhme san ionad oibre, agus leas iomlán á bhaint as na deiseanna oibre "cliste" atá ann;⁵ agus
 - d. infheistiú ar bhealach spriocdhírthe i gcleachtais dhigiteacha oibre d'fhonn an chothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú do chách.
37. Obair leantach a dhéanamh go tráthrialta maidir leis na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun faireachán a dhéanamh go córasach ar dhul chun cinn, agus úsáid iomlán á baint as obair EIGI agus Eurostat. Na torthaí a anailísiú agus, i gcás inarb ábhartha, tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

⁵ Socruithe oibre 'cliste' i gcomhthéacs na bhféidearthachtaí a thairgtear leis an teicneolaíocht nua-aimseartha (teilea-oibriú agus uaireanta oibre solúbtha, mar shampla).

38. Gné na hinscne den seimeastar Eorpach a shaothrú i gcónaí, lena n-áirítear i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach san Fhorógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus i gcomhréir leis na bearta a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

39. Na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí agus gníomhaithe ábhartha eile a spreagadh le dlús a chur leis na hiarrachtaí an leithscaradh cothrománach inscne a laghdú, lena n-áirítear trí aird a tharraingt ar na tairbhí móra eacnamaíocha a ghabhann leis an dídheighilt agus ar a rithábhachtaí atá sí i gcomhthéacs a bhfuil i ndán do chúrsaí oibre.
40. Tacú le tionscnaimh chun cláir dhídheighilte a bhunú i réimsí áirithe, agus sin i gcomhréir leis na torthaí ar thuarascáil EIGI dar teideal *Gender segregation in education, training and the labour market* [Leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair], lena ndeimhnítear go bhfuil ganntanas ban ann i réimsí áirithe STEM agus go bhfuil ganntanas fear ann i réimsí EHW. Na cláir sin a thriail ar bhonn píolótach agus an tionchar a bhíonn acu a mheasúnú, d'fhonn an bealach a réiteach le beartas fianaise-bhunaithe a cheapadh sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais.
41. Comhar idir na Ballstáit a thabhairt chun cinn d'fhonn an fhoghlaím fhrithpháirteach agus an malartú dea-chleachtas agus cleachtas a bhfuil gealladh fúthu a éascú, chun cumais a fheabhsú agus chun an líonrú a spreagadh.
42. Plé rialta a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhthéacs an idirphlé tripháirtigh maidir leis na saincheisteanna seo.
43. Súil níos géire a choinneáil ó ghné na hinscne de ar spriocdhíriú agus ar úsáid infheistíochtaí agus maoinithe a bhaineann le nuálaíocht ionas go seachnófar treisiú na steiréitíopaí agus d'fhonn an dídheighilt a chur chun cinn.
44. Na bearta a fógraíodh i bplean gníomhaíochta an Aontais do 2017-2019 a chur chun feidhme chun an bhearna phá idir na hinscní a ghleic, agus leanúint de na sonraí is ábhartha a bhailiú agus a chur ar fáil maidir leis an mbearna phá idir na hinscní mar atá agus maidir leis na hiarmhairtí a bhíonn aige ar thuilleamh agus ar phinsin.

Táscairí maidir leis an leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair⁶**Príomhréimse inní B: Oideachas agus oiliúint na mban**

Táscaire 1: As measc na gcéimithe ar fad sa réimse staidéir, cion na gcéimithe is mná agus cion na gcéimithe is fir san oideachas treasach (leibhéil ISCED 5-8), sa ghairmoideachas (leibhéil ISCED 3-4) agus san oiliúint i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM), agus i réimsí an oideachais, na sláinte agus an leasa.⁷

Príomhréimse inní L: An cailín óg

Táscaire 2: Cailíní agus buachaillí 15 bliana d'aois: feidhmíocht sa mhatamaitic agus san eolaíocht.⁸

Táscaire 3: Cion na gcailíní agus na mbuachaillí 15 bliana d'aois go léir atá san eolaíocht, agus cion na gcailíní agus na mbuachaillí 15 bliana d'aois is fearr a chruthaíonn san eolaíocht, agus a bhfuil súil acu dul le gairmeacha a bhaineann leis an eolaíocht agus iad 30 bliain d'aois.⁹

Príomhréimse inní K: Mná agus an comhshaol

Táscaire 4: Cion na mban agus na bhfear is céimithe treasacha as measc na gcéimithe ar fad (leibhéil ISCED 5 agus 6) sna heolaíochtaí nádúrtha agus sna teicneolaíochtaí.¹⁰

Príomhábhar inní F: Mná agus an geilleagar

Táscaire 5: An leithscaradh inscne: an meánphá comhlán san uair d'oibrithe baineanna agus d'oibrithe fireanna sna cúig earnáil tionsclaíochta (agus sna cúig chatagóir ghairmiúla) ina bhfuil an líon is airde oibrithe baineanna agus an líon is airde oibrithe fireanna; an bhearna phá sna catagóirí gairmiúla bainistíochta.¹¹

Táscaire 6: Cion na mban agus na bhfear atá fostaithe i ngairmeacha de chuid réimsí fostaíochta STEM agus EHW.¹²

⁶ Féach tuarascáil EIGE, mar atá in 14624/17 ADD 2, le haghaidh tuilleadh sonraí.

⁷ Leis an táscaire seo, déantar dhá tháscaire mar atá faoi Réimse B agus táscaire amháin maidir le cion 'na mac léinn is cailíní san oideachas treasach' faoi Réimse L a chumasc agus a athbhreithniú.

⁸ Táscaire atá ann cheana.

⁹ Táscaire nua.

¹⁰ Táscaire atá ann cheana.

¹¹ Táscaire atá ann cheana.

¹² Táscaire nua.

Tagairtí**1. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh:**

- Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16)
- Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 lena ndéantar prionsabal an chomhionannais idir fir agus mná a chur chun feidhme maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37)
- Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (athmhúnlú). (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23)
- Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1)

2. An Chomhairle:

Na conclúidí ar fad ón gComhairle a glacadh maidir leis an athbhreithniú ar Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising¹³ agus conclúidí eile ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas inscne, go mór mór iad siúd a luaitear thíos:

- Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2008 maidir le Steiréitiopaí Inscne sa tSochaí a Dhíothú (9671/08).
- Conclúidí ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 maidir le Gairmeacha Eolaíochta atá fabhrach do Theaghlaigh: i dtreo Samhla Comhtháite (9026/1/08 REV 1).
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tiomantas a neartú agus dlús a chur leis an difreálach pá idir na hinscní a laghdú, agus maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (18121/10).
- Conclúidí ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir leis an gComhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020) (IO C 155, 25.5.2011, lch. 10).
- Conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 7 Márta 2011 maidir leis an Ardán Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (6917/11).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le "Comhdheiseanna d'fhir agus do mhná: Fáil réidh leis na difreálacha pinsin idir na hinscní" a glacadh ar an 18 Meitheamh 2015 (10081/15).
- Conclúidí ón gComhairle dar teideal "I dtreo infheistíocht shóisialta le haghaidh fáis agus comhtháthaithe" a glacadh ar an 20 Meitheamh 2013 (11487/13).

¹³ http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/tools/statistics-indicators/platform-action/index_en.htm

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Margaí Saothair níos cuimsithí a bhaint amach, a glacadh ar an 9 Márta 2015 (7017/15).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta Inscne 2016-2020 an 26 Deireadh Fómhair 2015 (13201/15).
- Conclúidí ón gComhairle an 15 Meitheamh 2017 dar teideal I dTreo Straitéisí chun gur fiú Tairbhe na hOibre (9647/17).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i margadh saothair an Aontais Eorpaigh a fheabhsú (6889/17).

3. An Coimisiún Eorpach:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2010: "Eoraip 2020: Straitéis do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach" (COM(2010)2020 final).
- "Ról na bhFear sa Chomhionannas Inscne -- Straitéisí agus Léargais Eorpacha" http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/files/gender_pay_gap/130424_final_report_role_of_men_en.pdf
- Moladh ón gCoimisiún an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht IO L 69, 8.3.2014, lgh. 112-116.
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin 'Rannpháirtíocht straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019' (SWD(2015) 278 final).
- Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir maidir leis an gcaoi ar féidir an leithscaradh gairme a sháru http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/files/opinions_advisory_committee/151125_opinion_occ_segregation_en.pdf
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin 'Tuarascáil 2017 ar chomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach' (SWD(2017) 108 final).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2017: "Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair" (COM(2017)252 final).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais 2017-2019 i ndáil leis an mbearna phá idir na hinscní a ghleic (COM(2017) 678 final).
- Comhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/european-commission-invites-organisations-attract-more-girls-and-women-digital>

4. Parlaimint na hEorpa:

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2013 maidir le steiréitíopaí inscne san Aontas Eorpach a dhíothú (P7_TA(2013)0074);
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2016 maidir le comhionannas inscne agus mná a chumhachtú sa ré dhigiteach (P8_TA(2016)0204).

5. EIGE:

- Tuarascáil EIGE dar teideal *Gender segregation in education, training and the labour market* [Leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair] (14624/17 ADD 2);
- Páipéar faisnéise EIGE dar teideal *Economic benefits of gender equality in the EU. How gender equality in STEM education leads to economic growth* [Tairbhí eacnamaíocha an chomhionannais inscne san Aontas. An dóigh a n-eascraíonn fás eacnamaíoch as an gcomhionannas inscne in ábhair oideachais STEM].
<http://eige.europa.eu/rdc/eige-publications/economic-benefits-gender-equality-eu-how-gender-equality-stem-education-leads-economic-growth>

6. Tagairtí eile

- Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna shíniú ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún
https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf
- Dearbhú Pháras maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas
http://ec.europa.eu/dgs/education_culture/repository/education/news/2015/documents/citizenship-education-declaration_en.pdf